Admháil go bhfuarthas ilghearán faoi shárú a líomhnaítear a rinne an tSualainn ar rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint mac tíre

Uimhir thagartha: CPLT(2023)01635

Tá líon mór gearán faighte ag an gCoimisiún Eorpach faoi chosaint mac tíre sa tSualainn faoi Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (an Treoir maidir le Gnáthóga).

Rinne an Coimisiún na gearáin sin a iontráil i gclárlann lárnach na ngearán faoin uimhir thagartha CPLT(2023)01635. Is féidir tuilleadh faisnéise faoin ngearán atá agat a chur faoi bhráid na bpointí teagmhála a liostaítear anseo. Is ceart an uimhir thagartha atá luaite thuas a chur san áireamh.

Ós rud é go bhfuil líon suntasach gearán faighte ag an gCoimisiún maidir leis an ábhar sin, tá an admháil fála seo á foilsiú aige ar an leathanach ábhartha den suíomh gréasáin Europa d'fhonn freagairt thapa a thabhairt ar na daoine sin lena mbaineann agus iad a chur ar an eolas, agus an pobal i gcoitinne á chur san áireamh a bhféadfadh leas a bheith acu sa tsaincheist atá na gearánaigh a ardú. Is ar an mbealach céanna a chuirfear na gearánaigh ar an eolas faoi thorthaí an scrúdaithe atá á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na gearáin sin agus faoi aon bheart leantach a chinnfeadh an Coimisiún a dhéanamh.

Déanfaidh an Coimisiún an gearán a mheas i bhfianaise dhlí an Aontais Eorpaigh is infheidhme agus i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar síos sa *Commission Communication 'EU law: Better Results through Better Application* [Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Dlí an Aontais Eorpaigh: Torthaí níos fearr a bhuí le cur i bhfeidhm níos fearr'].

Tabhair do d'aire, má chinneann an Coimisiún gníomhú tar éis do ghearán a fháil, lena n-áirítear tús a chur le nós imeachta foirmiúil um shárú, is é an aidhm a bhíonn aige i gcoitinne a áirithiú go bhfuil dlí an Bhallstáit i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh agus go bhfuil sé á chur i bhfeidhm i gceart. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach réiteach ar do chás sainiúil féin é gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Chun sásamh a fháil, lena n-áirítear cúiteamh má tá bonn cirt leis, ba cheart duit gníomhú ar an leibhéal náisiúnta sa Bhallstát lena mbaineann. Nuair a chuirtear gearán faoi bhráid an Choimisiúin, ní chuirtear ar fionraí na teorainneacha ama le tús a chur le caingean dlí faoin dlí náisiúnta. I bhfeidhmiú na lánrogha atá aige, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh freisin gan tús a chur le nósanna imeachta foirmiúla um shárú, fiú má mheasann sé gur sáraíodh dlí an Aontais Eorpaigh.

Trí réamhshocrú, beidh seirbhísí an Choimisiúin ag déileáil le do ghearán faoi rún. Sa chás go roghnaíonn gearánach gan a chuid sonraí a choimeád faoi rún san fhoirm ghearáin, agus sa chás sin amháin, féadfaidh ranna an Choimisiúin céannacht an ghearánaigh agus aon fhaisnéis eile a chuir an gearánach sin faoina mbráid a nochtadh d'údaráis an Bhallstáit arb ina choinne atá an gearán déanta. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach go nochtfadh ranna an Choimisiúin céannacht an ghearánaigh i gcásanna áirithe chun déileáil leis an ngearán.

Tá feidhm ag sainráiteas príobháideachais maidir le láimhseáil na ngearán.